Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**9127/1/25**
**REV 1**

**AGRI 202**
**AGRIFIN 51**
**AGRISTR 21**
**AGRIORG 59**
**ENV 369**
**POLCOM 95**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Teachtaireacht maidir le Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia – *Díospóireacht bheartais* |

Ag féachaint don phlé a dhéanfar sa Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 26 Bealtaine 2025, san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo tá achoimre ar an Uachtaránacht ar na pléití agus ar na moltaí a rinne na toscaireachtaí.

**IARSCRÍBHINN**

***Plé ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: 'Fís le haghaidh na talmhaíochta agus an bhia: Earnáil tharraingteach feirmeoireachta agus agraibhia a mhúnlú le chéile do na glúine atá le teacht"***

**– Achoimre ón Uachtaránacht ar an bplé agus ar na moltaí a rinne na toscaireachtaí**

- **Réamhrá**

An 19 Feabhra 2025, thíolaic an Coimisiún Eorpach an Teachtaireacht uaidh dar teideal 'Fís don Talmhaíocht agus don Bhia' (6385/25), sraith machnaimh ar thodhchaí na talmhaíochta agus an bhia san Aontas Eorpach (AE).

Thionóil Uachtaránacht na Polainne sraith plé oscailte gan srian maidir leis an bhfís, d'fhonn deis a thabhairt do na Ballstáit a measúnú, a dtuairimí agus a dtograí a chur ar fáil maidir leis na cuspóirí agus na réitigh a chuirtear i láthair san Fhís. Dar leis an Uachtaránacht, is gné ríthábhachtach den idirphlé maidir le todhchaí bheartas talmhaíochta agus talmhaíochta na hEorpa é an plé sin.

Phléigh an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an fhís ag na cruinnithe a bhí aici an 24 Feabhra 2025 agus an 24 Márta 2025, agus le linn an chruinnithe sin thug na hairí sainordú don Choiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST) an fhís a phlé go mion. Pléadh an fhís ina dhiaidh sin le linn ceithre chruinniú de CST, a tionóladh an 31 Márta, an 7 Aibreán, an 28 Aibreán agus an 5 Bealtaine 2025.

Dhírigh an Uachtaránacht an plé trí cheisteanna a chur a bhain le ceithre chuspóir tosaíochta na físe agus ar an gcuspóir cothrománach (áirítear na ceisteanna in Iarscríbhinn 1).

Agus á ndúradh sa phlé sin á chur san áireamh, déanann an Uachtaránacht an achoimre seo a leanas a bhaineann leis an bplé ar an bhfís, agus moltaí maidir le promhadh leas na tuaithe, agus iarrann sí ar an gCoimisiún iad a chur san áireamh ina chuid oibre ar na tograí dlíthiúla atá ar na bacáin don Chomhbheartas Talmhaíochta tar éis 2027.

– **Barúlacha ginearálta**

**<u>Cuireadh fáilte roimh an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an tslándáil bia a chur i gcroílár na físe</u>**

Thug formhór na mBallstát freagra dearfach ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Fís don Talmhaíocht agus do Bhia, agus d'aontaigh siad le go leor dá chuspóirí agus dá tionscadail. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí gur cuireadh slándáil bia agus táirgeadh talmhaíochta i gcroílár na físe. Chuir siad in iúl go raibh réitigh sa doiciméad ar bonn maith iad chun slándáil bia san Eoraip, agus iomaíochas agus athléimneacht thalmhaíocht na hEorpa a áirithiú.

**<u>Is den ríthábhacht idirphlé a dhéanamh le feirmeoirí nuair a phléitear todhchaí CBT agus na talmhaíochta</u>**

Breathnaíodh go dearfach ar an mbéim a cuireadh san fhís ar an ngá atá le hidirphlé le feirmeoirí chun réitigh don todhchaí a phlé. Thug roinnt toscaireachtaí dá n-aire gur léiríodh sa doiciméad ábhair imní na bhfeirmeoirí agus gur tugadh aghaidh ann freisin ar na barúlacha a thug na páirtithe leasmhara, agus a thug an Chomhairle sna conclúidí uaithi maidir le Comhbheartas Talmhaíochta feirmeoirdhírithe tar éis 2027 (16694/24).

**<u>Struchtúr reatha CBT a choinneáil ar bun agus a áirithiú go ndéantar é a chistiú go cuí</u>**

Chuir formhór na dtoscaireachtaí in iúl nár tugadh aghaidh san fhís ar an tsaincheist maidir le CBT a mhaoiniú. Ag an am céanna, chuir siad in iúl a thábhachtaí atá sé gur ann do bhuiséad leordhóthanach leithleach don bheartas sin chun cuspóirí na físe agus na talmhaíochta a bhaint amach. Cuireadh i bhfios go láidir nach mór maoiniú CBT a bheith bunaithe i gcónaí ar dhá cholún agus chuir go leor toscaireachtaí in iúl gur gá maoiniú a neartú i gcás Cholún II de CBT. Ar an taobh eile, bhí guthanna ann a léirigh nár cheart go ndéanfaí, sa phlé ar an bhfís, réamhbhreith ar an bplé ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI), a thionólfar san fhóram iomchuí.

**<u>Ní mór CBT a shimpliú</u>**

Go ginearálta, leag na toscaireachtaí béim ar a thábhachtaí atá sé CBT a shimpliú i réimsí éagsúla a bhaineann le cuspóirí na físe. Iarradh go ndéanfaí simpliú i gcás íocaíochtaí díreacha, i dtéarmaí na gceanglas agus na rialuithe araon, agus i gcás na socruithe chun tacú le feirmeoirí óga chomh maith.

**CBT saincheaptha**

Chuir na toscaireachtaí in iúl nach iomchuí réitigh aonfhoirmeacha a chur i bhfeidhm i ngach réigiún agus tír, agus béim á leagan acu ar a thábhachtaí atá na sainiúlachtaí réigiúnacha agus cur chuige críochach. Ag an am céanna, leagadh béim ar an ngá atá le cur i bhfeidhm comhtháite i gcás ionstraimí éagsúla CBT.

- **Céad chuspóir cothrománach na físe**

**Meastar go neartóidh an t-éagsúlú ioncam talmhaíochta**

D'aontaigh formhór na dtoscaireachtaí gur gá foinsí ioncaim feirmeoirí a éagsúlú: tríd an mbithgheilleagar, an táirgeadh fuinnimh in-athnuaite nó an fheirmeoireacht carbóin a fhorbairt. Cuireadh i bhfios go láidir, áfach, gur cheart na gníomhaíochtaí sin a bheith comhlántach le hioncam talmhaíochta agus nár cheart dóibh baint den mhéid talún atá ar fáil le haghaidh táirgeadh bia. Chuir a lán toscaireachtaí in iúl go raibh sé tábhachtach a bheith ar an eolas faoi mhionsonraí na réiteach, mar shampla creidmheasanna dúlra agus an fhéidearthacht na réitigh sin a chur i bhfeidhm ar fheirmeacha beaga agus meánmhéide.

**Leanúint d'íocaíochtaí díreacha agus iad a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr**

Leag na toscaireachtaí béim ar a thábhachtaí atá feidhm chobhsaíochta na n-íocaíochtaí díreacha d'ioncam na bhfeirmeoirí. Chuir siad in iúl gur gá spriocdhíriú na n-íocaíochtaí díreacha a mhéadú trí thacú le feirmeoirí óga agus nua, chun riachtanais na bhfeirmeacha beaga agus meánmhéide a chur san áireamh níos mó. Ag an am céanna, leagadh béim ar an ngá atá le tacaíocht a choinneáil do limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu. Tarraingíodh aird freisin ar an ngá atá leis an gcóras íocaíochta a chur in oiriúint níos fearr do na coinníollacha sa Bhallstát agus luadh an choimhdeacht i gcur i bhfeidhm ghnéithe éagsúla an chórais .

Leag roinnt toscaireachtaí béim ar an ngá atá le cóineasú seachtrach na n-íocaíochtaí díreacha a thabhairt chun críche, ó thaobh cothroime agus cothromaíochta san Aontas de, ach chuir toscaireachtaí eile in iúl gur gá difreáil na gcostas táirgthe agus na n-ioncam talmhaíochta a chur san áireamh.

**An gá atá le feabhas a chur ar athnuachan ó ghlúin go glúin**

Bhí formhór na dtoscaireachtaí i bhfách le tacaíocht a thabhairt d'athnuachan ó ghlúin go glúin sa talmhaíocht, chomh maith leis an ngá le deireadh a chur le bánú na gceantar tuaithe, ó thaobh shlándáil na limistéar teorann de freisin. Sa chomhthéacs sin, chuir na toscaireachtaí in iúl a thábhachtaí atá sé tarraingteacht agus iomaíochas na talmhaíochta agus beogacht na gceantar tuaithe a áirithiú. Luadh bearta chun rochtain ar chaipiteal agus ar thalamh a fheabhsú mar bhearta atá ríthábhachtach don athnuachan ó ghlúin go glúin sa talmhaíocht.

**Comhpháirt láidir infheistíochta a choinneáil ar bun laistigh de CBT**

Leag go leor toscaireachtaí béim ar an ngá atá le comhpháirt láidir infheistíochta a choinneáil i CBT. Leagadh béim sa chomhthéacs sin ar a thábhachtaí atá sé Colún II de CBT a chistiú go hiomchuí. Chuir na toscaireachtaí in iúl nach dtiocfadh socruithe breise, e.g. na socruithe sin a bhaineann le tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), in ionad chistiú CBT. Sainaithníodh na réimsí a leanas a dteastaíonn tacaíocht infheistíochta uathu, gan beann ar fhoinse an chistithe: an claochlú glas agus digiteach a chur chun cinn, tionchar na talmhaíochta ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a laghdú, athléimneacht na talmhaíochta a neartú, teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí nua a thabhairt isteach, agus eolas a chomhroinnt.

**Praghsanna córa ar tháirgí talmhaíochta a áirithiú**

Sa phlé, leag na toscaireachtaí béim ar an ngá atá le réitigh a fhorbairt lena n-áiritheofar dálaí córa trádála sa slabhra soláthair, lena n-áirítear líon na dtáirgí talmhaíochta a dhíoltar faoi bhun an chostais táirgthe a laghdú.

- **An dara cuspóir den fhís**

**Iomaíochas agus inbhuanaitheacht na talmhaíochta a neartú**

D'aontaigh na toscaireachtaí gur gá iomaíochas agus inbhuanaitheacht na talmhaíochta a neartú. Chuir siad i bhfios go láidir ag an am céanna go raibh sé ríthábhachtach don talmhaíocht a cuspóirí eacnamaíocha a bhaint amach agus go raibh gach ceann de thrí ghné na hinbhuanaitheachta tábhachtach. Leag siad béim ar an ngá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir iomaíochas na hearnála agus bearta chun a tionchar ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a laghdú. Dúirt na toscaireachtaí gur gníomhaíochtaí an-ábhartha iad gníomhaíochtaí a dhéantar chun infhaighteacht teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí nua d'fheirmeoirí a mhéadú, lena n-áirithítear rochtain na bhfeirmeoirí ar eolas, trí oiliúint agus comhairle freisin, agus trí thábhacht an taighde a mhéadú.

**Ról straitéiseach na feirmeoireachta stoic sa talmhaíocht**

Leag na toscairí béim ar ról straitéiseach earnáil an bheostoic. Éilíonn samhlacha éagsúla beostoic uirlisí chun tacaíocht a chur in oiriúint do shamhlacha táirgthe aonair, chun athrú i dtreo inbhuanaitheacht an táirgthe agus chun freagairt ar dhúshláin éagsúla. Ba cheart íocaíochtaí díreacha a áireamh sa tacaíocht, lena n-áirítear íocaíochtaí cúpláilte, agus íocaíochtaí do limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu, chomh maith le tacaíocht infheistíochta. Leagadh béim ar ról an taighde agus na nuálaíochta, go háirithe i ngéineolaíocht ainmhithe agus i zóteicnic.

**Athléimneacht talmhaíochta a fheabhsú**

Leag na toscaireachtaí béim ar an ngá atá le hathléimneacht na talmhaíochta a neartú, lena n-áirítear dúshláin ar nós galair ainmhithe agus teagmhais adhaimsire, lena n-éilítear ionstraimí géarchéime, bainistiú riosca agus uirlisí oiriúnaithe iomchuí. Leagadh béim ar ról tábhachtach an chúlchiste talmhaíochta sa chomhthéacs sin. Teastaíonn cobhsaíocht agus intuarthacht táirgthe ón talmhaíocht.

**Clásail chomhuaineacha sa trádáil idirnáisiúnta**

Leagadh béim ar an ngá atá le hailíniú níos láidre a bheith ann idir táirgí allmhairithe agus caighdeáin táirgthe an Aontais agus cothrom iomaíochta a áirithiú d’fheirmeoirí an Aontais. Mar sin féin, tá roinnt Ballstát i gcoinne clásail chomhuaineacha a úsáid, agus luann siad na hiarmhairtí diúltacha a d’fhéadfadh a bheith acu d’onnmhairí an Aontais.

**Straitéisí nua ar an leibhéal Eorpach**

Chuir na toscaireachtaí in iúl go dtacaíonn siad le tograí chun roinnt straitéisí Eorpacha a fhorbairt, agus bhí siad dearfach go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: straitéisí maidir leis an méid a leanas: (a) an athnuachan ó ghlúin go glúin, (b) athléimneacht an uisce, (c) próitéin, agus (d) earnáil an bheostoic.

– **An tríú cuspóir den fhís**

**Tagarmharcáil dheonach in iarrachtaí inbhuanaitheachta feirme**

Thacaigh formhór na dtoscaireachtaí le córas tagarmharcála a fhorbairt le haghaidh measúnuithe inbhuanaitheachta feirme. Ba cheart an córas sin a bheith simplí agus trédhearcach ach níor cheart dó an t-ualach ar fheirmeoirí ná ar riaracháin a mhéadú agus ba cheart é a bheith bunaithe ar shonraí iontaofa inchomparáide. Ba cheart luach dreasachta a bheith ag an gcóras, níor cheart dó ceanglais a mhéadú ná srian a chur ar an rochtain atá ag feirmeoirí ar an margadh. Ba cheart an córas a fhorbairt i gcomhar le feirmeoirí agus ba cheart dó éagsúlacht leathan na talmhaíochta san Aontas a chur san áireamh agus tógáil ar thaithí na gcóras sin i roinnt Ballstát. Ba cheart don chóras an deis a thabhairt d'fheirmeoirí dea-chleachtais a roinnt agus a bheith ag foghlaim ó fheirmeacha eile. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go raibh imní orthu arbh fhéidir an córas tagarmharcála a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais, i bhfianaise éagsúlacht na gcóras táirgthe, agus bhí amhras orthu an raibh sé inmholta an córas tagarmharcála sin a bheith ann.

**Cur chun feidhme gníomhaíochta ar son na haeráide agus an chomhshaoil atá bunaithe ar dhreasachtaí**

Leag na toscaireachtaí béim ar an ngá atá le dreasachtaí iomchuí d'fheirmeoirí chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme a rachaidh chun tairbhe don aeráid agus don chomhshaol agus lena soláthrófar seirbhísí éiceachórais. Luadh freisin réitigh a fhorbairt bunaithe ar úsáid chistí na hearnála príobháidí. Leagadh béim ar an ngá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir dreasachtaí agus ceanglais i gcomhthéacs na mbeart a bhaineann le bainistiú uisce agus sláinte ithreach.

**An gá le straitéis athléimneachta uisce a fhorbairt**

Chuir na toscaireachtaí i bhfios go láidir gur cheart tús áite a thabhairt don uisce i gcomhthéacs na talmhaíochta agus an táirgthe bia. Ba dhíol sásaimh dóibh gur fógraíodh go ndréachtódh an Coimisiún straitéis athléimneachta uisce chun gníomhaíochtaí nua a fhorbairt a bheadh oiriúnaithe do na dúshláin atá ann, lena n-áirítear iomaíochas feirme a neartú.

**<u>Ionstraimí CBT atá ann cheana maidir le bainistiú acmhainní uisce agus sláinte ithreach a choinneáil</u>**

Chuir na toscaireachtaí i bhfios go láidir go raibh roinnt ionstraimí ag CBT cheana féin a thacaíonn le bainistiú uisce agus sláinte ithreach: caighdeáin dea-reachta talmhaíochta agus comhshaoil, bearta agra-chomhshaoil-aeráide, éiciscéimeanna, tacaíocht d'fhéarthalamh buan. Tharraing siad aird ar an ról mór atá ag na hionstraimí i gColún II den CBT maidir le bearta maoiniúcháin le haghaidh ithreacha sláintiúla, athléimneacht uisce agus laghdú na ndianchleachtas feirmeoireachta. Cuireadh in iúl gur cheart an raon leathan beart sin a choinneáil sa Chomhbheartas Talmhaíochta a bheidh ann amach anseo.

**<u>Bainistiú inbhuanaithe uisce agus ithreach</u>**

Labhair na toscaireachtaí faoin ról tábhachtach atá ag réitigh chiorclacha maidir le hithir agus uisce araon. Tagraíodh do réitigh maidir le timthriall an ábhair orgánaigh, úsáid uisce báistí, infheistíochtaí i gcórais inbhuanaithe bailithe uisce, athúsáid uisce, uisciú agus caomhnú uisce. Leagadh béim ar a thábhachtaí atá an comhar idir an eolaíocht agus an cleachtas, ról an taighde agus na nuálaíochta agus an chomhairle chun tacú le réitigh a chur chun feidhme ar leibhéal na feirme.

– **An ceathrú cuspóir den fhís**

**<u>Comhlántacht agus sineirge a neartú idir beartais a thacaíonn leis an bhforbairt tuaithe</u>**

D'iarr na toscaireachtaí go gcoinneofaí struchtúr dhá cholún CBT, ina dtugtar tacaíocht, i gColún II, don fhorbairt tuaithe. Ag an am céanna, thug formhór na dtoscaireachtaí dá n-aire nár cheart gurb é CBT an t-aon ionstraim lena dtabharfaí an tacaíocht sin agus gur ghá freisin cistiú do cheantair thuaithe a choinneáil amach ar cistiú é a thagann ó bheartais eile freisin, lena n-áirítear, *inter alia*, an beartas comhtháthaithe. Ba cheart comhlántacht agus sineirge na tacaíochta ó fhoinsí agus ionstraimí éagsúla don fhorbairt tuaithe a bheith dírithe ar an méid seo a leanas: bonneagar teicniúil agus sóisialta, tacaíocht don fhiontraíocht (go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide), athnuachan ó ghlúin go glúin agus inrochtaineacht seirbhísí bunúsacha. Leag roinnt Ballstát béim ar an ngá atá le hinfheistíocht a dhéanamh in athléimneacht na tuaithe, i bhfianaise na staide geopholaitiúla agus na ndúshlán slándála críochaí.

**Promhadh leas na tuaithe mar ionstraim chun tacú le comhlántacht na mbeartas forbartha tuaithe**

Chuir formhór na dtoscaireachtaí in iúl gur réiteach sistéamach tábhachtach é promhadh leas na tuaithe ar leibhéil éagsúla chun comhlántacht agus sineirge a chothú idir na hionstraimí éagsúla tacaíochta don tuath. Ag an am céanna, iarradh nach mbeadh sé ina ualach riaracháin breise. In Iarscríbhinn 2 tá na moltaí níos leithne a rinne na Ballstáit maidir le promhadh leas na tuaithe sa phlé leithleach ar chuir an Uachtaránacht tús leis sular cuireadh an fhís i láthair.

**LEADER – Tionscnamh Comhphobail um Fhorbairt na Tuaithe**

Chuir na toscaireachtaí in iúl gur ionstraim an-mhaith é an clár LEADER chun tacú le pobail áitiúla a ghníomhachtú agus chun tacú le tionscnaimh forbartha ón mbun aníos i gceantair thuaithe agus gur cheart é a choinneáil ar bun.

– **Cuspóir cothrománach na físe**

**Bonneagar leordhóthanach a áirithiú chun digitiú a fhorbairt sa talmhaíocht agus i gceantair thuaithe**

Chuir na toscaireachtaí síos ar an inrochtaineacht dhigiteach agus ar an mbonneagar teileachumarsáide, lena n-áirítear leathanbhanda agus 5G, mar réamhriachtanais an-tábhachtach chun an digitiú a fhorbairt agus a chur chun feidhme sa talmhaíocht agus i gceantair thuaithe. Teastaíonn cistiú ó fhoinsí éagsúla ina leith sin agus, go han-mhinic, gealltanas go gcuirfí acmhainní poiblí ar fáil dóibh. Leag roinnt toscaireachtaí béim ar a thábhachtaí atá inrochtaineacht dhigiteach mar bhonn d’fhorbairt fhoriomlán gheilleagar na tuaithe. Luadh an digitiú freisin mar ghné thábhachtach chun athnuachan ó ghlúin go glúin a chur chun cinn sa talmhaíocht agus i gceantair thuaithe.

**An cistiú is gá chun tacú leis an nuálaíocht a chur chun feidhme**

Tharraing na toscaireachtaí aird ar na hionstraimí airgeadais éagsúla agus iomchuí a chuirtear ar fáil, lena n-áirítear iasachtaí inrochtana agus fabhracha, chun go mbeidh feirmeoirí in ann an nuálaíocht agus réitigh nua a chur i bhfeidhm. Cuireadh i bhfios go láidir gur cheart na réitigh sin a chur in oiriúint do shainiúlachtaí na talmhaíochta agus do riachtanais FBManna atá ag feidhmiú san earnáil agus i gceantair thuaithe.

**Tacaíocht riachtanach do sheirbhísí comhairle agus oiliúna**

Chuir formhór na dtoscaireachtaí in iúl go raibh rochtain fhorleathan agus éasca ar sheirbhísí oiliúna agus comhairleacha ina príomhchuid den obair chun go leor gnéithe eile agus cuspóirí de chuid na físe a bhaint amach agus a chuireann ar chumas na bhfeirmeoirí, idir nua agus oilte, chomh maith leo siúd atá ag cur fúthu i gceantair thuaithe, na scileanna agus na hinniúlachtaí cearta a shealbhú. Moladh córas comhairleach leordhóthanach a bheith ann sa chomhthéacs sin.

Ba cheart a chumhdach leis an gclár oiliúna gnéithe lena n-éascaítear bainistiú feirme, tabhairt isteach réitigh nua (e.g. síolú díreach, feirmeoireacht athghiniúnach, feirmeoireacht bheacht agus aeráidchliste, teicnící nua le haghaidh uisciú, úsáid teicneolaíochtaí digiteacha), agus fiontraíocht, teicneolaíochtaí nua-aimseartha san earnáil agraibhia, agus bunú agus forbairt gnólachtaí tuaithe.

Cuireadh in iúl freisin gur gá córais a chruthú agus a fhorbairt chun eolas a mhalartú, taithí, réitigh nua agus dea-chleachtais a chomhroinnt, lena n-áirítear moil, an comhoibriú digiteach agus ardáin chumarsáide a úsáid.

**Taighde agus forbairt – príomhghné de straitéis talmhaíochta agus bia an Aontais**

Chuir na toscaireachtaí i bhfios go láidir go mbeadh ról tábhachtach ag taighde agus nuálaíocht, arna gcistiú trí fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear cláir thaighde Eorpacha, chun cuspóirí agus tosaíochtaí na físe a bhaint amach. Chuir na toscaireachtaí i bhfios go láidir go bhfuil an taighde ríthábhachtach d'iomaíochas agus d'athléimneacht earnáil agraibhia na hEorpa, chun feidhmíocht chomhshaoil na hearnála a fheabhsú (lena n-áirítear i dtáirgeadh beostoic), chun an spleáchas ar allmhairiú ionchur tábhachtach mar shampla próitéin bheatha agus leasacháin a laghdú. Leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i dtaighde ar chineálacha nua plandaí frithsheasmhacha (lena n-áirítear teicnící nua géanómaíocha) agus ar ghéineolaíocht ainmhithe. Leagadh béim freisin ar a thábhachtaí atá an comhar idir an eolaíocht agus an cleachtas, lena n-áirítear an tacaíocht a thugtar do Chomhpháirtíochtaí Eorpacha um Nuálaíocht (CEN).

**Iarscríbhinn 1**

**Ceisteanna ón Uachtaránacht chun an plé maidir leis an bhfís agus a cuspóirí a threorú**

*An chéad chuspóir*

– Luaitear san fhís nach mór go bhfaigheadh feirmeoirí ioncam ó fhoinsí éagsúla margaidh, lena n-áirítear ó fhoinsí comhlántacha nua. An síleann tú gur féidir an méid sin a bhaint amach, agus más féidir, cad é an bealach is fearr chun an cuspóir sin a bhaint amach, agus dúshláin margaidh, aeráide agus struchtúracha á gcur san áireamh?

– Conas is féidir, agus aird á tabhairt ar an gcuspóir CBT a shimpliú, an dá aidhm a leanas a réiteach, is é sin spriocdhíriú níos láidre ar thacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí a bhíonn ag gabháil go gníomhach do tháirgeadh bia, mar a mholtar san fhís, agus tacaíocht a thabhairt do na feirmeoirí is mó a bhfuil gá acu léi?

– An measann tú go bhfuil fairsinge agus ionstraimí ann go bhféadfadh páirt níos mó a bheith ag CBT san athnuachan ó ghlúin go glúin i réimse na talmhaíochta? Má mheasann tú go bhfuil, tabhair samplaí le do thoil.

– Beartaítear san fhís clár oibre uaillmhianach infheistíochta a fhorbairt. Cad iad na gnéithe nua ba cheart a bheith ar an gclár oibre sin, dar leat, agus cad iad na gnéithe atá ann cheana is féidir a úsáid ar bhealach níos cliste amach anseo?

*An dara cuspóir*

– An measann tú gur leor pleananna an Choimisiúin a leagtar amach san fhís chun iomaíochas agus athléimneacht earnáil talmhaíochta na hEorpa a neartú? Murar leor iad, cad iad na gníomhaíochtaí breise a mholann tú?

– Cé go n-aithnítear go bhfuil ról tábhachtach eacnamaíoch ag earnáil beostoic an Aontais maidir le talmhaíocht an Aontais agus, ag an am céanna, go bhfuil tionchar dearfach aici ar chothabháil na bithéagsúlachta, mar shampla, agus go gcuireann sí foinse nádúrtha leasachán ar fáil, bíonn tionchar diúltach aici freisin ar an gcomhshaol agus ar an aeráid. Conas is féidir le hionstraimí CBT an tionchar diúltach sin a bhíonn ag earnáil beostoic an Aontais a laghdú agus, ag an am céanna, iomaíochas an táirgthe agus ardchaighdeáin an Aontais san earnáil íogair sin a choinneáil ar bun?

– Tá earnáil talmhaíochta an Aontais ag brath ar ionchuir thábhachtacha a bheith á n-allmhairiú, mar shampla, leasacháin, próitéin agus fuinneamh. Cad iad na gníomhaíochtaí a mheasann tú a bheith riachtanach chun an spleáchas sin a laghdú, ar bhealach a chruthódh deiseanna nua d'earnáil na talmhaíochta freisin?

*An tríú cuspóir*

- Cén tuiscint atá agat ar an gcóras tagarmharcála deonach le haghaidh measúnuithe inbhuanaitheachta ar an bhfeirm? An bhfuil aon taithí náisiúnta agat agus aon sampla den dea-chleachtas a d'fhéadfá a roinnt le Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún?
- Conas a d'fhéadfaimis tuilleadh gníomhaíochtaí a spreagadh chun an athléimneacht uisce agus an tsláinte ithreach a chur chun cinn?

*An ceathrú cuspóir*

- Conas is féidir sineirge agus comhlántacht idir na beartais éagsúla a úsáid chun iomaíochas, athléimneacht agus beocht na gceantar tuaithe a fheabhsú? An bhféadfá aon samplaí maithe a roinnt den chaoi a ndeachaigh comhordú ionstraimí cistiúcháin chun tairbhe do cheantair thuaithe i do Bhallstát?

*Cuspóir cothrománach*

- Cén ghníomhaíocht tosaíochta is féidir leis an gCoimisiún a dhéanamh, sa bhreis ar na bearta dá bhforáiltear le CBT, chun timpeallacht chumasúcháin a chruthú don nuálaíocht agus do theicneolaíochtaí nua sa bhia agus sa talmhaíocht, agus chun an rochtain is leithne is féidir a thabhairt d'fheirmeoirí orthu sin?
- Cad iad na coinníollacha cumasúcháin agus na hionstraimí tacaíochta is gá chun dlús a chur leis an aistriú digiteach sa talmhaíocht agus i gceantair thuaithe?

**Moltaí maidir le promhadh leas na tuaithe**

Thacaigh na Ballstáit le húsáid níos leithne a bhaint as promhadh leas na tuaithe i gclársceidealú chistí agus bheartais an Aontais tar éis 2027 le linn an phlé ag an gcruinniú a bhí ag an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht an 3 Feabhra 2025 agus ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 24 Feabhra 2025. Thug siad dá n-aire ag an am céanna nár cheart ualaí breise riaracháin a bheith i gceist leis. Má chuirfidh gach Ard-Stiúrthóireacht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh promhadh leas na tuaithe chun feidhme, meastar go mbeidh comhlántacht agus sineirge níos fearr ann idir na hionstraimí éagsúla tacaíochta don fhorbairt tuaithe.

Cuireann an Uachtaránacht i láthair na príomh-mholtaí a chuir na toscaireachtaí in iúl don Choimisiún Eorpach maidir le promhadh leas na tuaithe a chur i bhfeidhm faoi chuimsiú bheartais agus chistí an Aontais tar éis 2027.

1) Is fiú promhadh leas na tuaithe a chur i bhfeidhm maidir le beartais agus cistí uile an Aontais tar éis 2027 chun a áirithiú go rannchuideoidh siad leis an bhforbairt tuaithe inbhuanaithe agus go mbeidh siad comhleanúnach agus comhlántach le hionstraimí an Chomhbheartais Talmhaíochta.

2) Is inmhianaithe go ndéanfaí tuilleadh comhair leis na hArd-Stiúrthóireachtaí eile (ní Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe amháin) agus go mbeidís níos rannpháirtí i gclársceidealú agus i gcistiú na forbartha tuaithe tar éis 2027.

3) Ní mór cistí agus beartais an Aontais (lena n-áirítear an beartas comhtháthaithe) tar éis 2027 a chomhordú ar bhealach níos fearr ionas go dtabharfar aghaidh go leordhóthanach ar riachtanais na forbartha tuaithe.

4) Ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar uirlisí agus ar rochtain ar shonraí ardcháilíochta chun faireachán a dhéanamh, bunaithe ar thacar coiteann táscairí, ar thionchar chistí agus bheartais an Aontais ar an bhforbairt tuaithe. Moltar anailís agus taighde ar thionchar na mbeartas ar an bhforbairt tuaithe a neartú agus tá sé inmholta don Choimisiún an líonra Faireachlann um an Tuath a bhunú a fheidhmeodh ar fud an Aontais.

5) Mar chuid de phromhadh leas na tuaithe, ba cheart don Choimisiún leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar thionchar agus ar éifeachtaí dhréachtreachtaíocht an Aontais ar an bhforbairt tuaithe agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar bheartais an Aontais maidir lena dtionchar ar an bhforbairt tuaithe. Níor cheart é sin a laghdú go measúnuithe *ex ante* amháin. Ba cheart meastóireachtaí *ex post* a áireamh freisin sna hanailísí ar réitigh dhlíthiúla arna bhforbairt ag an gCoimisiún.

6) Ba cheart promhadh leas na tuaithe a bheith ina shásra deonach ar leibhéal na tíre agus níor cheart don Choimisiún ualaí breise riaracháin a chur ar na Ballstáit agus an sásra sin á leathadh aige.

7) Ba cheart an fhorbairt tuaithe a bheith ina tosaíocht do gach beartas a leagann an Coimisiún amach don tréimhse tar éis 2027, agus riachtanais éagsúla na gceantar tuaithe sna Ballstáit á gcur san áireamh iontu.

8) Mar chuid de phromhadh leas na tuaithe, ba cheart don Choimisiún an t-idirphlé a neartú le páirtithe leasmhara i mbeartais agus cistí an Aontais ionas gur féidir aiseolas a fháil ó phobail tuaithe áitiúla.